

An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026
(OR. en)

9555/26

SOC 280
GENDER 43
ANTIDISCRIM 59
JAI 633
DROIPEN 95
TELECOM 255
CYBER 242
JEUN 82

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	8592/1/26 REV 1
Ábhar:	Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac – <i>Formheas</i>

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le
'An cibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac.'
2. Tá na Conclúidí bunaithe ar thuarascáil a chuir an Institiúid Eorpach
um Chomhionannas Inscene (EIGE) ar fáil dar teideal *From Lived Reality to Policy Action:
Combating Cyber Violence Against Girls in the EU* [Ó réaltacht saoil go gníomh beartais: an
cibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní a chomhrac san Aontas] a leagtar amach in 9800/26.
3. Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí an 13 Márta,
an 17 Aibreán, an 4 Bealtaine agus an 13 Bealtaine 2026.

4. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.
 5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - tuarascáil EIGE a thabhairt dá aire, mar a leagtar amach in 9800/26 í; agus
 - na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 29 Meitheamh 2026.
-

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac¹

AGUS AN MÉID A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcoílár luachanna na hEorpa. Is ceart bunúsach agus luach bunaidh den Aontas Eorpach a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir, agus idir cailíní agus buachaillí.
2. Foráiltear in Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ‘ina ghníomhaíochtaí uile, beidh sé d’aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur ar aghaidh.’
3. Foráiltear le hAirteagal 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ‘[a]gus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, is é is aidhm don Aontas gach idirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach.’
4. Dearbhaítear sa Chairt ‘[n]í mór an comhionannas idir mná agus fir a áirithiú i ngach réimse’ agus ‘[t]á ag gach duine an ceart go dtabharfar meas ar a iomláine nó ar a hiomláine choirp agus mheabhrach.’ Thairis sin, de réir Airteagal 21 den Chairt, ‘[t]oirmeascfar aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.’

¹ Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do Phríomh-Ábhar Imní D (Foréigean in aghaidh na mban) agus L (An cailín óg).

5. Dearbhaítear in Airteagal 24 den Chairt ‘beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail’ agus ‘[i] ngach gníomh a bhaineann le leanaí, bíodh sé á ghlacadh ag údaráis phoiblí nó ag institiúidí príobháideacha, ní mór leas an linbh a bheith ar na dálaí is tábhachtaí atá le cur san áireamh.’
6. Sainithnítear i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising gur ‘constaic ar chuspóirí an chomhionannais, na forbartha agus na síochána a bhaint amach’ é ‘Foréigean in aghaidh na mban’ (Príomh-Ábhar Imní D), agus luaitear ann freisin ‘go sáraíonn agus go lagaíonn nó go gcealaíonn foréigean in aghaidh na mban teachtadh a gceart daonna agus a saoirsí bunúsacha.’ (aistriúchán neamhoifigiúil)
7. Faoi Phríomh-Ábhar Imní L ‘An cailín óg’, iarrtar ar ‘Rialtais agus, de réir mar is iomchuí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha’ (aistriúchán neamhoifigiúil) i gClár Oibre Gníomhaíochta Bhéising bearta iomchuí reachtacha, riaracháin, sóisialta agus oideachais a dhéanamh chun an cailín óg, sa teaghlach agus sa tsochaí, a chosaint ar gach cineál foréigin fhisiciúil nó intinne, ar ghortú nó ar mhí-úsáid, ar fhaillí nó ar chóireáil fhaillíoch, ar dhrochíde nó ar theacht i dtír, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach.
8. Is sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus is cineál leanúnach idirdhealaithe é, atá fréamhaithe i gcaidreamh cumhachta éagothrom idir mná agus fir. Is freagracht shoचाíoch an foréigean sin a chosc agus a chomhrac, ós rud é go mbaineann sé an bonn den chomhionannas inscne agus go gcuireann sé teorainn le rannpháirtíocht iomlán na mban agus na gcailíní sa tsochaí, lena n-áirítear sa réimse digiteach agus sa saol poiblí.
9. Is é is aidhm do Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh a ghlac an Coimisiún cearta an linbh a chosaint agus a chur chun cinn ar fud bheartais uile an Aontais, agus béim á leagan ar fhoréigean a chosc agus ar rannpháirtíocht shábháilte sa timpeallacht dhigiteach a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá caighdeáin de chuid Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, cearta an duine agus an comhionannas ábhartha freisin.

10. Tá dul chun cinn suntasach déanta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon sna hiarrachtaí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, lena n-áirítear glacadh Threoir (AE) 2024/1385 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus aontachas an Aontais le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl'). Mar sin féin, tá foréigean inscnebhunaithe fós forleathan agus tearcthuairiscithe. Dá bhrí sin, tá gá leis an Treoir a thrasú go tráthúil agus go comhlíontach agus í a chur chun feidhme go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeiniméan do-ghlactha sin, lena n-áirítear bearta chun na cineálacha éagsúla cibearfhoréigin in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac. Le Moladh Ginearálta Uimh. 1 ón nGrúpa Saineolaithe um Ghníomhaíocht in aghaidh Foréigean ar Mhná agus Foréigean Baile (GREVIO) maidir le gné dhigiteach an fhoréigin in aghaidh na mban, tacaítear le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm éifeachtach Choinbhinsiún Iostanbúl i gcomhthéacs an fhoréigin ar líne agus an fhoréigin arna éascú ag an teicneolaíocht. Tá sé tugtha chun suntais ag GREVIO gur mó an baol foréigin sin do chailíní. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta a chur san áireamh, chomh maith le caighdeáin ábhartha eile Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, cearta an duine agus comhionannas.

11. Sa Dearbhú Prionsabal maidir le sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de a ghabhann le Treochlár an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta na mBan, a d'fhormhuinigh na Ballstáit uile, liostaítear 'Saoirse ó fhoréigean inscnebhunaithe' mar an chéad phrionsabal agus dearbhaítear ann go bhfuil 'an ceart chun slándála ag gach bean agus cailín agus go gcaithfear leo le dínit, ar líne agus as líne araon, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach.' (aistriúchán neamhoifigiúil) Le Straitéis an Choimisiúin um Chomhionannas Inscne 2026-2030, tugtar aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe ar an gcéad cheann d'ocht bpríomhchólún gníomhaíochta. Cuirtear i láthair sa Straitéis gur 'bagairt ar mhná agus ar chailíní atá ag dul in olcas go tapa' é an cibearfhoréigean inscnebhunaithe lena mbaineann 'leathadh tapa íomhánna dlúthphearsanta neamhthoiliúla ar fud an idirlín, deacrachtaí maidir leis an ábhar neamhdhleathach sin a bhaint anuas, agus bagairtí fuatha agus foréigneacha ar líne.' (aistriúchán neamhoifigiúil) Gheall an Coimisiún 'aird ar leith ar ról na hintleachta saorga i dtáirgeadh agus scaipeadh domhainbhrionnuithe gáirsiúla agus íomhánna domhainbhrionnaithe de dhuine lomnocht.'

12. Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2022/2065 (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, dá ngairtear ‘GSD’ anseo feasta) timpeallacht níos sábháilte ar líne a chruthú d’úsáideoirí san Aontas, le sraith rialacha, go háirithe, lena gcuirtear d’oibleagáid ar ardáin an-mhór ar líne (VLOP) nó ar innill chuardaigh an-mhór ar líne (VLOSE) rioscaí sistéamacha a mheasúnú agus a mhaolú, lena n-áirítear scaipeadh ábhair neamhdhleathaigh, aon tionchair iarbhir nó intuartha i ndáil le foréigean inscnebhunaithe, cosaint na sláinte poiblí agus mionaoiseach agus tionchair dhiúltacha thromchúiseacha ar fholláine coirp agus meabhraí an duine, agus éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach, lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe agus cearta an linbh. Cuireann sé d’oibleagáid freisin ar ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne bearta maolaithe a dhéanamh chun cearta an linbh a chosaint, lena bhféadfaí a áireamh, mar shampla, dearadh, gnéithe nó feidhmiú a seirbhísí a oiriúnú, a gcórais moltóra a oiriúnú, próisis modhnóireachta ábhair a oiriúnú, agus bearta spriocdhírthe chun cearta an linbh a chosaint, amhail, i gcás inarb iomchuí, úsáid uirlisí fíoraithe aoise agus rialaithe tuismitheoirí. Le GSD, cuirtear d’oibleagáid freisin ar ardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha a eascraíonn as dearadh agus feidhmiú a seirbhísí, lena n-áirítear córais moltóra, a d’fhéadfadh rannchuidiú le scaipeadh tapa agus forleathan ábhair neamhdhleathaigh agus díobhálacha eile, amhail méadú algartamach ar fhoréigean inscnebhunaithe, ábhar díobhálach agus mí-úsáid arna héascú ag an teicneolaíocht. D’fhéadfadh tionchar difriúil a bheith ag na díobhálacha sin ar mhná agus ar chailíní i gcomparáid le fir agus buachaillí.
13. Tá sé tábhachtach freisin na tionchair éagsúla a d’fhéadfadh a bheith ag córais moltaí agus ag uirlisí intleachta saorga giniúnaí ar mhná agus ar chailíní agus ar fhir agus ar bhuachaillí a chur san áireamh.

14. Aithnítear i Rialachán (AE) 2024/1689 (an ‘Gníomh um an Intleacht Shaorga’) na rioscaí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid na hIntleachta Saorga, lena n-áirítear oibleagáidí trédhearcachta le haghaidh córais intleachta saorga a dhéanann ‘ábhar íomhá, fuaime nó físe atá cosúil go suntasach le daoine, réada, áiteanna, eintitis nó imeachtaí atá ann cheana a ghiniúint nó a chúbláil agus a dhealródh go bréagach do dhuine go bhfuil sé barántúil nó fírinneach (domhainbhrionnuithe),’ agus tugtar dá aire go sonrach ‘ag brath ar na himthosca maidir lena cur i bhfeidhm sonrach, lena húsáid agus le leibhéal na forbartha teicneolaíche, d’fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint leis an intleacht shaorga agus d’fhéadfadh sí díobháil a dhéanamh do leasanna an phobail agus cearta bunúsacha atá faoi chosaint dhlí an Aontais. D’fhéadfadh an díobháil sin a bheith ábhartha nó neamhábhhartha, lena n-áirítear díobháil fhisiceach, shíceolaíoch, shochoíoch nó eacnamaíoch.’
15. Is féidir leis an intleacht shaorga cineálacha eile mí-úsáide arna héascú ag an teicneolaíocht a chumasú freisin, lena n-áirítear ábhar sintéiseach de chineál dlúthphearsanta a chruthú nó a scaipeadh go neamhthoiliúil, chomh maith le pearsanú, ionramháil nó comhéigean. Tá gá le cur chuige cuimsitheach trasarnálach chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Féadfar a áireamh ar bhearta éifeachtacha sásraí chun ábhar díobhálach a thuairisciú, aghaidh a thabhairt air agus é a bhaint, chomh maith le toiliú sonrach, feasach, gan débhrí, sainráite agus a bheith tugtha faoi shaoirse a éileamh ón duine a léirítear chun a chosúlacht a ghiniúint nó a chúbláil agus chun é a fhoilsiú ar líne.
16. Tá tábhacht ar leith ag baint le bearta a dhéanamh chun idirdhealú in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc, chomh maith le hil-idirdhealú, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, le linn dhearadh, fhorbairt agus chur in úsáid na gcóras intleachta saorga.
17. Le Treoir 2012/29/AE (‘an Treoir maidir le Cearta Íospartach’) bunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh uile na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh na cibearchoireachta ar leanaí iad.

18. Le Treoir (AE) 2018/1808 ('Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc') cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit 'bearta iomchuí chun a áirithiú nach mbeidh seirbhísí meán closamhairc a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'fhorbairt coirp, meabhrach nó mhorálta mionaoiseach a sholáthraíonn soláthraithe seirbhíse meán closamhairc faoina ndlínse curtha ar fáil ach amháin ar bhealach nach bhfeicfidh nó nach gcloisfidh mionaoisigh iad de ghnáth. Beidh na bearta sin comhréireach le dochar féideartha an chláir.' I measc na samplaí den ábhar is díobhálaí dá bhforáiltear sa Treoir tá pornagrafaíocht agus foréigean gan chúis. Níor cheart an t-ábhar díobhálach sin a chur ar fáil do mhionaoisigh trí sheirbhísí craoltóireachta, seirbhísí ar éileamh, ná ardáin comhroinnte físeán.
19. Le Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú, iarrtar ar na Ballstáit freagairtí comhordaithe, leanbhlárnacha agus ildisciplíneacha ar gach cineál foréigin in aghaidh leanaí a áirithiú, lena n-áirítear cibearfhoréigean in aghaidh cailíní.

20. Tá leanaí, go háirithe iad siúd atá i staideanna leochaileacha, i mbaol teacht i dtír ar líne agus go háirithe teacht i dtír gnéasach, agus is iad na cailíní is mó atá thíos leis. In 2024, b'íospartaigh gháinneála le haghaidh teacht i dtír gnéasach 46.4 % d'íospartaigh chláráithe uile na gáinneála. Ba leanaí iad 26 % d'íospartaigh na gáinneála le haghaidh teacht i dtír gnéasach (24 % díobh ba chailíní iad, agus ba bhuachaillí iad 2 % díobh).² Le Treoir (AE) 2024/1712 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, leathnaítear raon feidhme na gcionta gáinneála, coirítear úsáid fheasach na seirbhísí a sholáthraíonn íospartaigh na gáinneála, agus neartaítear tacaíocht d'íospartaigh agus comhar trasteorann. Thairis sin, cuireann sé tuilleadh feabhais ar an ngníomhú in aghaidh earcaíocht agus dúshaothrú ar líne. Meastar anois, in imthosca áirithe, gur imthoisc ghéaraitheach í úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Go háirithe, de réir Threoir (AE) 2024/1712, meastar gur imthoisc a bhféadfadh pionóis níos déine a bheith mar thoradh uirthi é íomhánna nó fiseáin nó ábhar comhchosúil de chineál gnéasach ina bhfuil an t-íospartach a scaipeadh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, nuair a bhaineann sé le coir na gáinneála ar dhaoine.

² Féach freisin '[Trafficking in human beings statistics - Statistics Explained - Eurostat](#)' [Staidreamh maidir le gáinneáil ar dhaoine – Míniú ar Staitisticí].¹ Féach freisin an Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin 'Staidreamh agus treochtaí maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach in 2021-2022' (SWD(2025) 4 final).

21. Cuimsíonn an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní réimse leathan cineálacha díobhála éagsúla ar líne, lena n-áirítear stalcaireacht, bulaíocht, gnéaschiapadh, scaipeadh neamhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta, fuathchaint, cibearsplancáil, cibirghríosú chun foréigin nó fuatha agus cineálacha éagsúla dúshaothraithe. Aithnítear in Aithris 6 de Threoir (AE) 2024/1385 go bhféadfadh sé go ngéarófaí ar an bhforéigean in aghaidh na mban agus ar an bhforéigean teaghlaigh i gcás ina mbíonn duine faoi réir idirdhealú ar bhonn gnéis agus, ina theannta sin, ar bhonn aon fhoras nó forais eile idirdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt. Is iad mná agus cailíní is mó a bhíonn thíos leis an gcibearfhoréigean, agus tá díréir ann sa mhéid a bhíonn grúpaí déimeagrafacha áirithe neamhchosanta agus á spriocdhíriú, lena n-áirítear iad siúd a luaitear in Aithrisí 71 agus 72 de Threoir (AE) 2024/1385. Mar sin féin, d'fhéadfadh fir agus buachaillí a bheith thíos leis an gcibearfhoréigean freisin, lena n-áirítear comhéigean gnéis, docsáil agus dúmhál. D'fhéadfadh déantóirí an chibearfhoréigin gníomhú ina n-aonar, i ngrúpaí comhordaithe, nó trí líonraí eagraithe, agus ar na hardáin dhigiteacha a bhféadfaidís leas a bhaint astu chun na gníomhartha sin a dhéanamh, tá na meáin shóisialta, feidhmchláir teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, bealaí teileachumarsáide agus bonneagair eile ar líne. Ina theannta sin, baineann na déantóirí, lena n-áirítear comhpháirtithe dlúthchaidrimh, úsáid as earraí spiaireachta agus córais faireacháin baile, ceamaraí TCI, mar shampla, chun cibearfhoréigean a dhéanamh.
22. Is furasta do dhaoine aonair a bheith ag gabháil don chibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, rud a fhágann go bhfuil líon na ndéantóirí ag dul i méid, agus réimse cúiseanna éagsúla acu, lena n-áirítear fuath ban, dúil i gcumhacht, i dtóir nó i stádas, agus an uaillmhian go gcloítear le noirm na fearúlachta, mar a shamhlaítear dóibh iad.

23. Níl sa cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ach cuid de chontanaim foréigin níos leithne ina gcuimsítear iompraíocht ar líne agus as líne araon, agus a léiríonn a idirnasctha atá an mhí-úsáid dhigiteach agus an mhí-úsáid as líne. Léirítear i staidéir eimpíreacha nach feiniméin scoite iad an cibearfhoréigean agus an mhí-úsáid as líne; mar shampla, i Suirbhé an Aontais ar Fhoréigean Inscnebhunaithe (2024), léirítear go ndearnadh cibearstalcaireacht ar 8.5 % de mhná, agus thuairiscigh 10.2 % de mhná a raibh dlúthpháirtí riamh acu³ gur fhéach a ndlúthpháirtí reatha nó iar-dhlúthpháirtí leo le smacht a choimeád orthu, trína éileamh, mar shampla, go mbeidís ar an eolas faoin áit a mbeadh na mná sin, lena n-áirítear trí shuíomh na mban a fhaire trí na meáin shóisialta nó trí rianú suímh. De réir suirbhé⁴ a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), agus líon na bpóstálacha á úsáid mar shlat tomhais, is ar mhná a dhírítear formhór mór na bhfuathbheart ar líne. Is i bpostálacha a dhírítear ar mhná atá na leibhéil is airde teanga maslaí agus díspeagtha. Fuarthas amach sa staidéar sin freisin gur mó a dhírítear gríosuithe chun foréigin in aghaidh na mban ná in aghaidh grúpaí eile.
24. Tá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ag éirí an-choitianta go ríthapa, agus tá tionchar ar leith aige ar dhéagóirí. De réir mar a dhéantar an chumarsáid dhigiteach a fhréamhú a thuilleadh i saol sóisialta daoine óga, is ríthábhachtaí an ról atá ag timpeallachtaí ar líne, ag an teicneolaíocht agus ag feidhmchláir dhigiteacha nuair a bhíonn caidrimh idirphearsanta á múnú. D'fhéadfadh tionchairí agus an t-ábhar a chruthaíonn siad tionchar díobhálach a imirt ar dhéagóirí agus ar leanaí. Ar na bearta éifeachtacha is féidir a dhéanamh chun an riosca sin a mhaolú, tá an chuntasacht a áirithiú, cleachtais fhreagracha a chur chun cinn i leith ábhair agus cosaint na mionaoiseach a fheabhsú.

³ Mná a raibh dlúthpháirtí acu tráth an tsuirbhé nó a raibh dlúthpháirtí acu riamh roimhe sin.

⁴ Féach *Online Content Moderation – Current challenges in detecting hate speech* [Modhnóireacht Ábhair ar Líne – Dúshlán reatha maidir le fuathchaint a bhrath], 2023.'

25. Tá an cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní ina bhagairt shuntasach ar shláinte mheabhrach agus fhisiciúil leanaí agus déagóirí, go háirithe cailíní, agus tá sé ina chúis le heisiamh sóisialta, imní agus féindochar agus, i gcásanna tromchúiseacha, d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le féinmharú. Ina theannta sin, má nochtáítear duine d'ábhar pornagrafach ag aois óg, d'fhéadfaí steiritíopaí a dhaingniú, sa tslí is go dtreiseofaí le hiompar agus dearchaí díobhálacha agus go ndéanfaí an foréigean a normalú. Tá iarmhairtí suntasacha sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíocha ag an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní freisin, agus is bagairt ar an daonlathas agus ar an iomaíochas é dá réir. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le mná agus cailíní a bheith ag tarraingt siar ón réimse digiteach, agus cinsireacht agus leithlisiú a dhéanamh orthu féin, sa tslí is go gcuirtear srian lena ndeiseanna san oideachas agus san fhostaíocht, go laghdaítear a rochtain ar líonraí tacaíochta, agus go ndíspreagtar a rannpháirtíocht sa saol poiblí agus polaitiúil.
26. De réir staidéar EIGE dar teideal *From lived reality to policy action: Combatting Cyber Violence Against Girls in the EU* [Ó réaltacht saoil go gníomh beartais: an cibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní a chomhrac san Aontas], is gné rialta é an cibearfhoréigean i saol digiteach agus sóisialta na gcailíní agus na mban, agus tá patrúin shoiléire ag baint le haoisghrúpaí éagsúla. Is mó seans go mbeidh déagóirí óga (idir 13 agus 15 bliana) thíos le heisiamh, cúlchaint agus náiriú coirp, agus bíonn cailíní atá níos sine ná sin (16 go 18 mbliana) thíos go díréireach le cineálacha foréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear comhéigean gnéis, mealltóireacht agus comhroinnt neamhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta. Go háirithe, tá méadú ag teacht ar neamhchosaint déagóirí óga ar chineálacha gnéasaithe agus comhéigeanacha mí-úsáide ar líne, rud a thugann le fios go bhfuil an cibearfhoréigean ag éirí níos forleithne agus níos coitianta i ngach aoisghrúpa. Léiríonn na patrúin sin a thábhachtaí atá sé oideachas a chur ar dhaoine maidir le toiliú i gcomhthéacs an chaidrimh dhigitigh, chun a áirithiú go n-urramófar an prionsabal sin. Tá an easpa toilithe, go háirithe i dtaobh comhroinnt íomhánna nó ábhair dhlúthphearsanta, lárnach i mórán cineálacha cibearfhoréigin.

27. Léirítear freisin i staidéar na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscene go bhfuil bearna idir na hiarrachtaí coisctheacha atá á ndéanamh cheana agus taithí saoil na ndéagóirí. Chuir cailíní in iúl gur díol frustrachais dóibh feachtais scoile agus freagairtí institiúideacha den chuid is mó, óir ní bhíonn siad ag teacht leis an am i láthair ná lena réaltachtaí digiteacha, dar leo. Bíonn an fhadhb á géarú ag bacadh struchtúracha a fhágann go mbíonn drogall ar dhéagóirí tuairisciú a dhéanamh – an imní go mbeifear ag cúlchaint i bpobail bheaga, mar shampla – agus is minic iad gan cosaint leordhóthanach dá dheasca sin. Is léiriú é sin ar a riachtanaí atá sé beartais scoile níos freagrúla a bheith ann a bheidh ag teacht le réaltachtaí digiteacha an lae inniu. Má dhéantar beag is fiú de thionchar na díobhála ar líne, tá baol ann go mbraithfidh daoine óga scoite agus nach bhfuil bunús lena ndeacrachtaí. Ar na céimeanna is gá a thabhairt chun a muinín a chothú arís, tá freagairtí institiúideacha a fheabhsú, an rúndacht a áirithiú agus conairí tacaíochta soiléire a chur ar fáil.
28. Rinne an tAontas a chreat rialála a neartú de réir a chéile chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearfhoréigean, agus leas á bhaint as raon leathan ionstraimí dlí agus beartais. Is léiriú í an fhorbairt sin ar an bhfeasacht mhéadaithe i dtaobh leochaileachtaí na gcailíní a bhíonn á múnú ag tosca trasnacha, lena n-áirítear aois, míchumas, eitneacht, stádas socheacnamaíoch agus gnéaschlaonadh. Mar sin féin, ní hionann an sainmhíniú ar an gcibearfhoréigean ó dhlínse go dlínse, bíonn na sásraí forfheidhmiúcháin míchothrom, níl an oiliúint is gá ag gníomhaithe ábhartha, agus ní chuirtear seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh ar fáil go comhsheasmhach ar fud na mBallstát. Ina theannta sin, is é dúshlán na gcreataí rialála atá ann cheana coinneáil suas leis na cineálacha nua díobhála atá ag teacht chun cinn de thoradh na teicneolaíochta, lena n-áirítear mí-úsáid atá bunaithe ar an intleacht shaorga. Fágann na dúshláin sin gur gá cur chuige 'sábháilteacht trí dhearadh' agus inscne-fhreagrúil a ghlacadh, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, measúnuithe ar na tionchair a d'fhéadfaí a imirt ar chearta bunúsacha agus ar an gcomhionannas.
29. Tá bailiú, stóráil agus rochtain sonraí ríthábhachtach do shábháilteacht leanaí agus daoine fásta araon, ós amhlaidh gur féidir daoine aonair a chur i mbaol a ndúshaothraithe nó a n-íospartha má dhéantar faisnéis íogair – íomhánna, ábhar nó sonraí pearsanta, mar shampla – a láimhseáil go míchuí.

30. Tá an cibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní fréamhaithe go domhain i dtosca sóisialta agus cultúrtha níos leithne, lena n-áirítear an neamhionannas idir mná agus fir, noirm inscne lena ndéantar iompar bagrach agus milleánú an íospartaigh a normalú, dinimicí idir piaraí a chúitíonn iompar mí-úsáideach agus a threisiú le caighdeáin dhúbailte, agus an claonadh a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiompar díobhálach a mhaitheamh do bhuachaillí agus beag á dhéanamh d'eispéiris cailíní agus gan iad a chreidiúint. D'fhéadfadh na tosca sin go léir cur le hiompraíocht dhíobhálach agus le cóir mhíchothrom. Cuireann leathnú agus éabhlóid thapa an réimse dhigitigh agus na teicneolaíochta digití leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní. Ní hiad iompraíochtaí daoine aonair amháin is cúis leis; bíonn sé faoi réir neamhionannais shistéamacha a fhágann go bhfuil grúpaí áirithe níos leochailí ná a chéile. Cuireann gníomhaithe sa 'fearsfear', mar a thugtar air, idé-eolaíochtaí frithbhanda chun cinn, déanann siad an gnéasachas agus steiréitíopaí inscne a normalú agus cothaíonn siad timpeallachtaí ina spreagtar foréigean ar líne agus as líne in aghaidh cailíní nó ina nglactar leis an bhforéigean sin. Dá bhrí sin, ní féidir aghaidh a thabhairt mar is ceart ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní gan mór-chomhthéacsanna sóisialta, cultúrtha agus institiúideacha a chur san áireamh. San am atá le teacht, tá sé bunriachtanach cur chuige comhordaithe, inscne-fhreagrúil agus trasnach a bheith ann, agus é dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga araon, chun cosc agus cosaint fhóinteach a áirithiú ar fud an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs na n-iarrachtaí atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis an idirdhealú struchtúrach a ndéanann córais algartamacha agus bonneagair dhigiteacha aithris nó aimpliú air.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, agus
inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú go hiomlán aici, lena n-áirítear i réimse an oideachais agus
na hoiliúna, agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas institiúideach agus ar shaoirse
acadúil i réimse an oideachais agus na hoiliúna, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

31. Bearta gníomhacha a dhéanamh, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil, chun an cibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac, tríd an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) dearadh agus forbairt inscne-fhreagrúil na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na gcóras intleachta saorga a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíocht choiscitheach a dhéanamh i leith an chibearfhoréigin go réamhtheachtach, go háirithe trí chur chuige ‘sábháilteacht trí dhearadh’, agus bearta a chur chun cinn chun claontacht algartamach agus torthaí idirdhealaitheacha a chosc;
 - (b) litearthacht dhigiteach inscne-fhreagrúil agus cultúr féinchúraim dhigitigh a chur chun cinn i scoileanna, d’oideoirí agus do dhaltáí araon, agus é sin a dhéanamh i gcomhthéacs na folláine digití i gcoitinne, agus ábhair éagsúla á gcuimsiú, amhail, an fhéiniúlacht, loirg dhigiteacha, sábháilteacht ar líne, litearthacht sna meáin agus litearthacht faisnéise, brath na bréagaisnéise agus úsáid na hintleachta saorga giniúnaí, chomh maith le feachtas ar chlaontacht algartamach, ar ionramháil IS-ghinte agus ar an bhforéigean inscnebhunaithe a éascaíonn an teicneolaíocht;
 - (c) treoir phraiticiúil inrochtana maidir le tuismitheoireacht dhigiteach, oideachas agus oiliúint i scileanna agus litearthacht dhigiteach agus uirlisí iomchuí a sholáthar do thuismitheoirí chun go bhféadfaidís mí-úsáid arna héascú ag an teicneolaíocht a bhrath, a chosc agus a láimhseáil ag céim luath agus na gníomhaíochtaí is gá a dhéanamh, agus idir leanaí agus daoine óga a chumhachtú trí oideachas aoisoiriúnach, tionscnaimh phiarthreoraithe, cuir chuige rannpháirtíochta agus bearta eile nach iad, chun a n-acmhainn saorghníomhaíochta dhigiteach agus a bhféinmhuinín a neartú agus chun gur fearr a fhéadfaidh siad an cibearfhoréigean a aithint, a chomhrac agus a thuairisciú;

- (d) uirlisí iomchuí a chur ar fáil do thuismitheoirí, do chúramóirí agus do chaomhnóirí dlíthiúla, cuir i gcás bogearraí saor in aisce lena mbaineann rialú tuismitheora mar réamhshocrú;
- (e) scoileanna agus ionaid oideachais neamhfhoirmiúla a spreagadh chun prótacail shoiléire a chur chun feidhme chun mí-úsáid arna héascú ag an teicneolaíocht a bhrath agus a fhreagairt agus chun feasacht a mhúscailt maidir le leigheasanna dlí sibhialta atá ar fáil d'íospartaigh, agus, ar an tslí sin, idirghabháil agus cuntasacht thráthúil a áirithiú;
- (f) rannpháirtíocht chomhionann na mban agus na gcailíní sa réimse digiteach agus a rochtain ar scileanna digiteacha a chothú trína rannpháirtíocht i réimsí ETIM⁵ agus san fhiontraíocht dhigiteach a spreagadh, chun an bhearna dhigiteach idir na hinscní a laghdú agus lena chur ar chumas na mban agus na gcailíní tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a bhaineann leis an aistriú digiteach;
- (g) a áirithiú go dtairbheoidh mná agus cailíní atá i mbaol idirdhealú iomadúil, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, de bhearta sonracha coisc, tacaíochta agus cosanta;
- (h) oideachas cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de a chur chun cinn maidir le prionsabal an toilithe, lena n-áirítear toiliú digiteach, agus é á chur in iúl go neamhbhalbh gur sárú ar an dínit agus cineál cibearfhoréigin é íomhánna, físeáin nó faisnéis dhlúthphearsanta a chomhroinnt gan saorthoiliú eolasach sainráite an duine lena mbaineann;
- (i) 'scagthástálacha sábháilteachta digití' rialta rúnda aoisoiriúnach a chur chun cinn do dhaltaí agus d'oideoirí, agus iad chun leasa an linbh, agus lánurraim á tabhairt don cheart chun príobháideachais;

⁵ Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

- (j) aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne agus noirm inscne ghnéasaíocha, ar chuntasaíocht, ar choincheapa díobhálacha fearúlachta agus banúlachta agus ar na rioscaí a bhaineann le piarbhrú díobhálach, lena n-áirítear mar ábhar ar scoil, go háirithe trí cláir atá oiriúnach ó thaobh aoise de a fhorbairt do bhuachaillí agus do chailíní, agus aird ar leith á tabhairt ar na pobail ar líne, ar ardáin na meán sóisialta, ar sheirbhísí teachtaireachta agus ar thimpeallachtaí cluichíochta, agus coincheapa sláintiúla fearúlachta, measa, comhionannais inscne agus cultúir toilithe a chur chun cinn i ngach caidreamh, bíodh sin ar líne nó as líne, lena n-áirítear caidrimh ghnéis chomhthoiliúla, chomh maith le machnamh criticiúil a chur chun cinn i leith na pornagrafaíochta agus iompraíocht ghnéis ar líne;
- (k) oiliúint idirghabhála fhianaiseach a chur ar fáil san oideachas, i gcomhthéacs na gclár don óige, an chúraim sláinte agus leasa shóisialta;
- (l) comhoibriú le heagraíochtaí um chearta leanaí, le ombudsman do leanaí, le Comhlachtaí Comhionannais, le heagraíochtaí atá faoi stiúir na hóige, le heagraíochtaí teaghlaigh agus le heagraíochtaí áitiúla agus tacú leo, trí chineálacha cur chuige rannpháirtíochta inrochtana agus ábhair chomhdheartha lena dtugtar aghaidh, ar bhealach agus i bhformáid atá oiriúnach ó thaobh aoise de, ar an gcibearfhoréigean, ar an bhforéigean gnéasach agus ar an teacht i dtír gnéasach, chomh maith le prionsabal an toilithe agus an fhadhb a bhaineann le milleánú an íospartaigh;
- (m) an teagmháil idir piaraí a chur chun cinn chun an ciapadh agus caidrimh dhigiteacha shláintiúla a phlé;
- (n) tacú leis na cláir idirghabhála do dhéantóirí coire darb aidhm an baol go ndéanfaí athchiontú a laghdú, lena n-áirítear trí na cláir atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta chun dearcadh i leith an chibearfhoréigin a chur san áireamh, agus trí na cláir speisialaithe a d'fhéadfaí a fhorbairt do dhéantóirí cibearfhoréigin, atá ceaptha chun iompar díobhálach ar líne a chomhrac go díreach;

- (o) feabhas a chur ar chosaint na gcailíní agus na mbuachaillí ar an gcibearfhoréigean trí acmhainní agus saineolas teicniúil na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a leathnú, lena n-áirítear athruithe chun feabhais le gur féidir leo fianaise leictreonach a shainaithint, a dhaingniú agus a mheasúnú, chomh maith leis an gcomhar trasteorann eatarthu a fheabhsú, rud atá thar a bheith tábhachtach i bhfianaise chineál trasnásiúnta na cibearchoireachta;
- (p) feabhas a chur ar chosaint na gcailíní, go háirithe iad siúd atá i staideanna leochaileacha, ar an dúshaothrú ar líne i gcomhthéacs na gáinneála ar dhaoine, trí chomhordú níos dlúithe idir an earnáil phríobháideach agus forfheidhmiú an dlí a chur chun cinn, trína áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí gáinneála ar dhaoine a bhrath agus a shainaithint go luath, agus béim á leagan ar an earcaíocht agus ar an dúshaothrú ar líne, agus an mhúscailt feasachta á cur chun cinn ag an am céanna i measc déantóirí coire agus íospartaigh ionchasacha chun an gháinneáil ar líne a chosc, agus trí chabhrú le híospartaigh agus le finnéithe an gháinneáil ar líne a aithint agus a thuairisciú;
- (q) comhroinnt neamhthoiliúil na n-íomhánna, na bhfiseán nó ábhair eile ina léirítear gníomhaíochtaí gáirsiúla nó codanna dlúthphearsanta duine, a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, agus trí bhearta an dlí choiriúil a chomhlánú le múscailt feasachta, lena n-áirítear maidir leis na hiarmhairtí do na déantóirí coire, agus sásraí tacaíochta d'íospartaigh, agus comhar éifeachtach leis na hardáin ar líne; agus

- (r) na córais chomhtháite cosanta leanaí a neartú agus a fhorbairt a thuilleadh, agus Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún á chur san áireamh, chun cosc agus freagairt chomhordaithe, ildisciplíneach, leanbhlárnach ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a áirithiú, trí chomhar éifeachtach, conairí soiléire tarchuir agus comhroinnt faisnéise idir seirbhísí oideachais, seirbhísí cosanta leanaí, seirbhísí sóisialta agus sláinte, forfheidhmiú an dlí agus na breithiúna, agus leasanna an linbh agus na rialacha cosanta sonraí á n-urramú go hiomlán.

32. Feabhas a chur ar an rialáil agus ar an bhforfheidhmiú, gan dochar do neamhspleáchas na mbreithiúna ná do dhifriochtaí in eagrú na mbreithiúna ar fud na mBallstát, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) ag féachaint lena áirithiú go mbeidh cumhachtaí agus acmhainní leordhóthanacha ag na Comhlachtaí Comhionannais, na hinstiúidí náisiúnta um chearta an duine agus na húdaráis cosanta sonraí chun aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú algartamach agus ar an bhforéigean inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht;
- (b) cistiú leordhóthanach a chur chun cinn do chomharthóirí iontaofa, ar saineintitis iad nach mór tosaíocht a thabhairt dá bhfógraí faoi ábhar neamhdhleathach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach in GSD, lena n-áirítear i réimse an fhoréigin inscnebhunaithe;
- (c) na seirbhísí tacaíochta íospartach-lárnacha a neartú trí inrochtaineacht agus fothú acmhainneachta gairmiúla agus an rannpháirtíocht iomchuí le teaghlaigh na n-íospartach a chur chun cinn, nuair is tairbhiúil sin, bunaithe ar chur chuige ilghníomhaireachta spriocdhírthe, comhtháite, agus trí tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí, mar atá, línte cabhrach teileafóin nó idirlín a thugann comhairle agus cúnamh d'úsáideoirí, ar bhonn rúnda nó anaithnid i gcás inarb iomchuí;

- (d) cúram, tacaíocht mheabhairshláinte agus cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil d'íospartaigh, i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le ceartas lena dtacaítear le leanaí, agus peirspictíocht atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus ó thaobh míchumais de a léiriú;
- (e) an comhordú idir na seirbhísí ábhartha uile a áirithiú agus eolas gairmiúil agus acmhainneacht ghairmiúil na n-oibrithe túslíne a neartú, ina measc sin oideoirí, oibrithe sóisialta, oifigigh forfheidhmithe dlí, gníomhaithe breithiúnacha, soláthraithe cúraim sláinte agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear i réimse na hoibre óigí, trí thacaíocht theicneolaíoch a thabhairt dóibh, chomh maith le hacmhainní agus oiliúint eile maidir leis an gcibearfhoréigean, líonraí frithbhanda agus patrúin mhí-úsáide a bhaineann go sonrach leis na hardáin, lena gcothaítear cur chuige íospartach-lárnach;
- (f) a áirithiú gurb eol do na hoibrithe túslíne agus na heagraíochtaí ábhartha cén ról atá acu laistigh de chórais chomhtháite cosanta leanaí;
- (g) machnamh a dhéanamh ar phointí cúnamh theicniúil náisiúnta a bhunú agus cistiú inbhuanaithe a chur chun cinn do na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun iarrachtaí coisctheacha agus freagartha a neartú, lena n-áirítear iad siúd lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn, amhail, íomhánna dlúthphearsanta agus domhainbhrionnuithe IS-ghinte atá á gcruthú agus á scaipeadh go neamhthoiliúil;
- (h) tacú le teaghlaigh, oideoirí, piaraí, soláthraithe gníomhaíochtaí fóillíochta, daoine eile a d'fhéadfadh a bheith ar an láthair agus finnéithe féideartha, lena n-áirítear trí bhíthin cúrsaí oiliúna, ionas go mbeifear in ann an cibearfhoréigean a shainaithint go luath agus idirghabháil thráthúil a dhéanamh ina choinne, agus chun timpeallacht réamhghníomhach, chosantach a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear nósanna imeachta soiléire maidir le tuairisciú, tarchur, measúnú riosca agus obair leantach ar fud na seirbhísí ábhartha, trí chur chuige comhtháite maidir le cosaint leanaí;

- (i) a áirithiú sna bearta darb aidhm feabhas a chur ar an rialáil agus ar an bhforfheidhmiú go bhfreastalófar ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní atá i mbaol an il-idirdhealaithe, lena n-áirítear an t-idirdhealú trasnach, i gcás inarb infheidhme;
- (j) tacaíocht agus treoir a thabhairt do thuismitheoirí, do chúramóirí agus do chaomhnóirí dlíthiúla maidir le cinntí eolasacha a dhéanamh i leith luathrochtain an linbh ar an bhfóin chliste agus ar sheirbhísí digiteacha, ag aithint gur mó an baol go bhféadfadh leanaí a bheith neamhchosanta ar rioscaí ar líne, lena n-áirítear an mhí-úsáid arna héascú ag an teicneolaíocht, de dheasca luathúsáid gan mhaoirseacht;
- (k) eagraíochtaí na sochaí sibhialta, taighdeoirí, institiúidí oideachais agus cuideachtaí teicneolaíochta a spreagadh chun comhoibriú agus chun na dea-chleachtais maidir le cosc agus freagairt a chomhroinnt; agus
- (l) laistigh den oiliúint bhreithiúnach, machnamh a dhéanamh ar oiliúint speisialaithe a chur ar fáil maidir le coireanna cibearchumasaithe, ar conas fianaise dhigiteach a láimhseáil go héifeachtach, ar fheidhmiú na n-ardán ar líne, agus ar shaintréithe sonracha an fhoréigin inscnebhunaithe a dhéantar sa timpeallacht ar líne.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus ról á thabhairt don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (IECI) i gcás inarb iomchuí, an méid seo a leanas a dhéanamh:

33. Seirbhísí ábhartha idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne, cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí meán sóisialta digiteacha, soláthraithe ardáin físeáin ar éileamh, cuideachtaí teileachumarsáide, agus monaróirí feistí leictreonacha, a spreagadh chun cur chuige maidir le cosaint sonraí mar réamhshocrú agus trí dhearadh agus sábháilteacht trí dhearadh a leanúint chun an mhí-úsáid a chosc agus chun infheistíocht a dhéanamh in uirlisí braite agus díspreagtha, amhail rabhaidh aníos, modhnóireacht éifeachtach ar inneachar agus ábhar díobhálach a bhrath bunaithe ar íomhánna agus coimircí i gcoinne scaipeadh neamhthoiliúil íomhánna dlúthphearsanta, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

34. Gníomhaithe eacnamaíocha ábhartha a spreagadh chun faisnéis inrochtana maidir leis an gcibearfhoréigean, na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil agus na sásraí tuairiscithe a chur ar fáil go réamhghníomhach d'úsáideoirí.
35. Cosc ar an bhforéigean inscnebhunaithe ar líne a chur chun cinn trí reachtaíocht an Aontais atá ann cheana a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear Treoir (AE) 2024/1385, an GSD agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus trí chur chun feidhme na ngnéithe gaolmhara a ghabhann leis na creataí beartais, amhail Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh, an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030 agus Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh.
36. Tacú le cumas na mBallstát obair a dhéanamh i gcomhar lena chéile chun an fhuathchaint dhíobhálach neamhdhleathach as líne agus ar líne a chomhrac, lena n-áirítear trí phlé maidir lena dtuiscint ar an gcoincheap sin a chur chun cinn.
37. Seirbhísí ábhartha idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne agus seirbhísí idirghabhálacha eile, a spreagadh chun rioscaí sistémacha a bhaineann leis an bhforéigean inscnebhunaithe a shainaithint agus a mhaolú, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as córais moltaí, na córais intleachta saorga giniúnaí agus sásraí uathoibrithe méadaithe ábhair agus chun ábhar díobhálach a chomhrac, agus i gcás inarb iomchuí an t-ábhar sin a bhaint go pras, lena n-áirítear an fhuathchaint ar líne agus ábhar eile atá dírithe ar chailíní, ina measc cailíní ar baill den phobal LADTI iad agus cailíní faoi mhíchumas nó de mhionlaigh chiníocha, eitneacha nó reiligiúnacha, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.
38. Seirbhísí idirghabhálacha, amhail na hardáin óstála ar líne agus seirbhísí idirghabhálacha eile a spreagadh chun sásraí tuairiscithe íospartach a nascadh le bonneagair theicniúla lena gcumasaítear sásraí blocála trasardáin agus sásraí tacaíochta d'íospartaigh, lena n-áirítear sásraí lena n-áirítear sásamh agus leigheasanna inrochtana d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht, agus prionsabail 'sábháilteacht trí dhearadh' a chur i bhfeidhm i bhforbairt agus in oibriú na seirbhísí digiteacha.

39. Gníomhaithe eacnamaíocha ábhartha a spreagadh chun meastóireacht a dhéanamh, i gcomhar leis na Comhlachtaí Comhionannais agus leis na húdaráis cosanta sonraí i gcás inarb iomchuí, ar an laofacht inscne a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar thionchair idirdhealaitheacha na n-uirlisí uathoibríthe modhnóireachta inneachair agus na n-uirlisí intleachta saorga a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'éifeachtacht na sásraí braite, tuairiscithe agus sásaimh d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe arna éascú ag an teicneolaíocht.
40. A áirithiú go ndéanfar ábhar díobhálach nó neamhdhleathach atá dlúthphearsanta nó gáirsiúil, lena n-áirítear ábhar a chruthaítear trí bhíthin teicneolaíochtaí nua, amhail ábhar domhainbhrionnaithe mí-úsáide gnéasaí leanaí atá saorga ach réalaióch, go ndéanfar é a bhaint go pras ó aon ardán ar líne a luaithe a bhraitear é, agus na cearta bunúsacha uile á n-urramú go hiomlán.
41. Tacú le cur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, é a éascú agus a áirithiú go gcuirtear chun feidhme é, go háirithe an ceanglas atá ar sholáthraithe na gcóras intleachta saorga go bhféadfar aschuir a mharcáil mar aschuir IS-ghinte, agus an ceanglas atá ar úsáideoirí gairmiúla na gcóras sin ábhar IS-ghinte a lipéadú sa chaoi go dtuigfear gur ábhar IS-ghinte atá ann, chun dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le domhainbhrionnuithe atá á n-úsáid chun díobháil a dhéanamh, lena n-áirítear cibearfhoréigean in aghaidh cailíní.
42. A áirithiú go léireofar, sa bhailiú sonraí, a éagsúil atá taithí na n-íospartach; is ríthábhachtach é sin le haghaidh ceapadh beartas fianaisebhunaithe, agus a áirithiú go mbaileoidh na Ballstáit sonraí i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi Airteagal 44 de Threoir (AE) 2024/1385, i gcomhar le IECI i gcás inarb iomchuí. Bearta a dhéanamh chun féachaint chuige go léireofar, sa taighde agus sa bhailiú sonraí, taithí shonrach na ngrúpaí a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar an il-idirdhealú, lena n-áirítear an t-idirdhealú trasnach, chun freagairtí beartais cuimsitheacha, éifeachtacha a éascú.

43. Infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i staidreamh fadtéarmach fianaisebhunaithe chun tuiscint a fháil ar chineál athraitheach an chibearfhoréigin agus ar na hiarmhairtí a bhíonn aige. Tacú le staidéir fhadtéarmacha ina scrúdaítear tionchair shíceolaíocha, shóisialta agus eacnamaíocha gach cineál cibearfhoréigin in aghaidh cailíní, agus ról a thabhairt do phainéil chomhairleacha don óige freisin, chun gur fhusa feabhas a chur ar bheart coisctheach, ar na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil d'íospartaigh agus ar fhorbairt beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon agus chun bonn eolais a chur faoin bhfeabhas sin. Tacú le taighde a dhéantar ar idirdhealú algartamach, ar mhí-úsáid atá bunaithe ar an intleacht shaorga, agus ar thionchair na dteicneolaíochtaí digiteacha de réir inscne, chomh maith leis an taighde a dhéantar maidir lena bhfuil taobh thiar de phobail an 'fearsféar' agus 'incel' mar a thugtar orthu, agus taighde maidir le hiompar agus teaicticí na bpobal sin agus na nithe a spreagann iad.
44. Feachtais múscaillte feasachta ina mbeidh guthanna cailíní a chur chun cinn agus a mhaoiniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, chun nach mbeidh stiogma ag baint le mí-úsáid íomhánna dlúthphearsanta a thuairisciú agus chun aird a tharraingt ar an díobháil a dhéantar nuair a chruthaítear agus a chomhroinntear an t-ábhar sin gan toiliú.
45. Torthaí agus moltaí an Phainéil Speisialta nuabhunaithe maidir le sábháilteacht leanaí ar líne a chur san áireamh, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le comhionannas inscne, cuntasacht algartamach agus cearta digiteacha.
46. Leanúint den phlé agus de dhea-chleachtais a roinnt maidir leis an gcibearfhoréigean a chosc.
47. Rannpháirtíocht leanaí agus go háirithe cailíní i staidéir ETIM a spreagadh agus deireadh a chur le steiréitíopaí inscne sa réimse sin chun a áirithiú go mbeidh comhdheiseanna sa mhargadh saothair digiteach.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

48. Bearta a dhéanamh atá dírithe ar dhul i ngleic leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear an cibearfhoréigean, i gcomhréir le fíis fhadtéarmach an Treochláir um Chearta na mBan, a léirítear prionsabail an Treochláir sin sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2026-2030.
49. An Clár Foghlama Frithpháirtí i leith Comhionannas Inscne agus an Líonra um fhoréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc, a chur in eagar feasta, le go dtabharfar na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara le chéile chun dea-chleachtas a roinnt, agus cistiú a chur ar fáil le haghaidh oiliúna, fothú acmhainneachta agus seirbhísí tacaíochta.
50. Aird ar leith a thabhairt ar an ngá atá leis an gcibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a chomhrac agus a Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030 á cur chun feidhme.
51. A Phlean Gníomhaíochta in aghaidh na Cibearbhulaíochta a chur chun feidhme, lena n-áirítear feachtais múscaillte feasachta, bailiú sonraí agus bearta arb é is aidhm dóibh an chibearbhulaíocht in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus dul i ngleic léi, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol il-idirdhealaithe, idirdhealú trasnach freisin.
52. Tacú leis na Ballstáit Treoir (AE) 2024/1385 a thrasú agus a chur chun feidhme go héifeachtach, go háirithe maidir leis na forálacha i ndáil le cionta cibearfhoréigin, ábhar ar líne a bhaint, bealaí tuairiscithe inrochtana ar líne agus sainseirbhísí tacaíochta d'íospartaigh na cibearchoireachta.
53. Féachaint chuige go ndéanfar faireachán ar an gcibearfhoréigean i gcomhthéacs na n-oibleagáidí faoi Threoir (AE) 2024/1385, agus tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar bhailiú sonraí riaracháin maidir le foréigean inscnebhunaithe, i gcomhréir le hAirteagal 44 de Threoir (AE) 2024/1385.

54. Féachaint ar shuirbhé uile-Aontais Eurostat maidir le foréigean inscnebhunaithe a leathnú chun gach cineál cibearfhoréigin a chumhdach.
55. Leanúint de mhaoirseacht a dhéanamh ar GSD agus den Ghníomh sin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear na forálacha is infheidhme maidir le hardáin an-mhór ar líne agus innill chuardaigh an-mhór ar líne i réimse an ábhair neamhdhleathaigh agus an fhoréigin inscnebhunaithe, amhail forálacha a bhaineann le bearta maolaithe riosca a bhféadfadh fíorú aoise lena gcaomhnaítear príobháideacht agus uirlisí rialaithe tuismitheora a áireamh leo, i gcás inarb iomchuí, agus bearta eile dá dtuairiscítear san treoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint a luaitear i GSD.
56. Úsáid na faisnéise nach mór do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha a chur ar fáil faoi na rialacha maidir le tuairisciú trédhearcachta agus rochtain ar shonraí a leagann taighdeoirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha amach i GSD a chur chun cinn chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a léirítear foréigean inscnebhunaithe sa domhan ar líne, lena n-áirítear sonraí atá imdheallaithe de réir inscne lena féidir taighde a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag algartaim ardáin ar mhná agus ar chailíní agus ar fhir agus ar bhuachaillí, faoi seach.
57. Tacú leis an obair a dhéanann na ‘comharthóirí iontaofa’ i réimse an fhoréigin inscnebhunaithe agus leis an obair a dhéanann eagraíochtaí ar sainchúram dóibh comhionannas inscne agus foréigean in aghaidh na mban agus na gcaoilíní. Go leor cistiúcháin, uirlisí agus tacaíocht institiúideach a chur ar fáil dóibh chun dlús a chur le feidhmiú sásraí tuairiscithe, go háirithe nuair is mionaoisigh iad na híospartaigh. Tacú le comharthóirí iontaofa saineolas a fháil maidir le foréigean inscnebhunaithe, trí úsáid a bhaint as an saineolas atá ag na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte agus ag eagraíochtaí eile a bhfuil saintaithí acu ar chabhair a thabhairt do mhionaoisigh.
58. Faisnéis agus tacaíocht atá inrochtana agus oiriúnach ó thaobh aoise de a chur ar fáil maidir le cibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chomhrac agus a thuairisciú tríd an tairseach maidir le hIdirlíon níos fearr do leanaí agus trí na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte.

59. Tacú le cur chun feidhme córas comhtháite cosanta leanaí ar fud na mBallstát, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le cur chuigí náisiúnta, ceanglais aoise íosta, i ndáil le gach cineál cibearfhoréigin in aghaidh cailíní a chosc agus freagairt air, agus malartú dea-chleachtais maidir leis na córais sin a éascú ar leibhéal an Aontais.
60. Laistigh de chláir chistiúcháin an Aontais atá ann cheana, tacú le gníomhaíochtaí náisiúnta agus gníomhaíochtaí trasteorann chun an cibearfhoréigean in aghaidh cailíní a chosc agus a láimhseáil, lena n-áirítear mí-úsáid a bhaineann leis an intleacht shaorga, agus chun taighde, feachtas, litearthacht dhigiteach agus fothú acmhainneachta a neartú.
61. Leanúint den ullmhúchán ar mhaithe le maoirseacht a dhéanamh ar fhorálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga le haghaidh soláthraithe samhlacha ilchuspóireacha (intleacht shaorga ilchuspóireach), lena n-áirítear iad siúd lena mbaineann riosca sistéamach, agus na forálacha sin a fhorfheidhmiú.
-

Tagairtí

1. Reachtaíocht an Aontais

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí). IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (‘An Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc’) i bhfianaise athruithe ar an margadh. IO L 303, 28.11.2018, lgh. 69–92.

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (‘Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht’) IO L 151, 7.6.2019, lch. 70–115.

Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (‘an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha’). IO L 277, 27.10.2022, lgh. 1–102.

Treoir (AE) 2024/1385 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. IO L, 2024/1385, 24.5.2024, lgh. 1–36.

Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/JHA ón gComhairle, IO L 315, 14.11.2012, lgh. 57-73.

Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga). IO L, 2024/1689, 12.7.2024, lgh. 1–144.

Treoir (AE) 2024/1712 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint.

2. **An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mban san Aontas Eorpach a dhíothú (6585/10)

Conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas LGBTI (10417/16)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tionchar na hIntleachta Saorga ar an gComhionannas Inscne i Margadh an tSaothair (14750/21)

Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais um chearta an linbh. (10024/22)

Conclúidí ón gComhairle maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid (9684/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú digiteach chun cearta bunúsacha a chosaint agus a fhorfheidhmiú sa ré dhigiteach. (14309/23)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach (9752/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na cibearshlándála: cur chur chun feidhme agus comhchosaint (10133/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le neart a chur le meabhairshláinte na mban agus na gcailíní tríd an gcomhionannas inscne a chur chun cinn (16366/24)

Conclúidí ón gComhairle maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach (9069/25)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gComhionannas Inscne a Chur Chun Cinn i Ré Dhigiteach Faoi Thionchar na hIntleachta Saorga: an 6ú athbhreithniú cothrománach ar chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising arna dhéanamh ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais (9984/25)

Conclúidí ón gComhairle maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh: cosc, luathbhrath agus idirghabháil (14029/25)

3. Eurostat, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe (2024)

Suirbhé an Aontais ar fhoréigean inscnebhunaithe – Fianaise ar mhaithe le beartas agus cleachtas (2026)

4. An Coimisiún Eorpach

Straitéis an Aontais um chearta an linbh (COM(2021) 142 final)

Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac COM(2021) 171 final

An straitéis Eorpach i ndáil le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+) (COM(2022) 212 final)

Moladh (AE) 2024/1238 ón gCoimisiún 23 Aibreán 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú ar mhaithe le leas an linbh

Treochlár um Chearta na mBan. (6756/25. Tagairt an Choimisiúin: COM (2025) 97 final

Straitéis 2026-2030 maidir le Comhionannas Inscne, COM(2026) 113 final

Straitéis Frithchiníochais 2026-2030, COM(2026) 12 final

Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030, COM(2025) 725 final

Staitisticí agus treochtaí sa gháinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach in 2021-2022 a ghabhann leis an doiciméad Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta san Aontas Eorpach i ndáil leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac (an Cúigiú Tuarascáil), SWD (2025) 4 final

Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, COM(2020) 620 final

Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030 [Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030], COM(2021) 101 final

Plean Gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta, COM(2026) 71 final

5. **Parlaimint na hEorpa**

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Aibreán 2016 maidir leis an gcomhionannas inscne agus mná a chumhachtú sa ré dhigiteach (2015/2007(INI))

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2021 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe a chomhrac: cibearfhoréigean (2020/2035(INL))

6. **Coiste na Réigiún**

Tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le Cosaint na hÓige agus na Mionaoiseach sa Réimse Digiteach (2026)

7. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

Combating cyber violence against women and girls [An cibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac]. (2022)

Tackling cyber violence against women and girls: The role of digital platforms [Dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní: ról na n-ardán digiteach]. (2024)

From lived reality to policy action: Combatting cyber violence against girls in the EU [Ó réaltacht saoil go gníomh beartais: an cibearfhoréigean in aghaidh na gcailíní a chomhrac san Aontas]. (2025) (9800/26)

8. **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)**

Foréigean in aghaidh na mban: Suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. (2014)

Féach Online Content Moderation – Current challenges in detecting hate speech [Modhnóireacht Ábhair ar Líne – Dúshlán reatha maidir le fuathchaint a bhrath] (2023)

9. Na Náisiúin Aontaithe

Convention on the Rights of the Child [Coinbhinsiún um Chearta an Linbh]. (1989)

Beijing Declaration and Platform for Action [Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising]. (1995)

Protocol to Prevent, Suppress and Punish Trafficking in Persons, Especially Women and Children, supplementing the United Nations Convention against Transnational Organized Crime [Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi chois agus Pionós a ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta]. (2000)

Convention on the Rights of Persons with Disabilities [An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas]. (2006)

Report of the Special Rapporteur on Violence Against Women, its Causes and Consequences on Online Violence against Women and Girls from a Human Rights Perspective [Tuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta maidir le Foréigean in aghaidh na mBan, Cúiseanna an fhoréigin sin agus na hIarmhairtí ar Fhoréigean ar Líne in aghaidh na mBan agus na gCailíní ó thaobh Chearta an Duine]. (2018) (A/HRC/38/47)

Tionscadal Cybersafe [Cibearshábháilte]. (2020). *Cyber Violence Against Women and Girls: Report on Research Findings and Framework* [An Cibearfhoréigean in aghaidh na mBan agus na gCailíní: tuarascáil ar thorthaí taighde agus creat.] Ollscoil Liúibleána. Arna mhaoiniú ag Clár an Aontais Eorpaigh um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht (2014 – 2020)

Coiste na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh; Barúil Ghinearálta Uimh. 25 (2021) maidir le cearta an linbh i ndáil leis an timpeallacht dhigiteach.

10. Comhairle na hEorpa

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (CETS Uimh. 210)

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine (CETS Uimh 19)

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le leanaí a chosaint ar theacht i dtír gnéasach agus ar mhí-úsáid ghnéasach (Coinbhinsiún Lanzarote) (CETS Uimh. 201)

Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta (CETS Uimh. 225)

Guidelines of the Committee of Ministers of the Council of Europe on child-friendly justice
[Treoirínte ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le ceartas lena dtacaítear le leanaí]
(2010)

CM/Rec (2026)1 – *Recommendation of the Committee of Ministers to member States on equality and artificial intelligence* [Moladh ó Choiste na nAirí do na Ballstáit maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga]

CM/Rec(2026)2 – *Recommendation of the Committee of Ministers to member States on accountability for technology-facilitated violence against women and girls*
[Moladh ó Choiste na nAirí do na Ballstáit maidir le cuntasacht as foréigean arna éascú ag an teicneolaíocht in aghaidh na mban agus na gcailíní]

GREVIO General Recommendation No. 1 on the digital dimension of violence against women
[Moladh Ginearálta GREVIO Uimh. 1 maidir le gné dhigiteach an fhoréigin in aghaidh na mban] (2021)
